Comhairle Contae County Council

# Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide
# An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide

## Snáithe 1 – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil

## Foirm um Léiriú Spéise

Is féidir le grúpaí pobail agus le grúpaí agus eagraíochtaí deonacha i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an fhoirm seo a úsáid chun a spéis a léiriú i dtionscadal comhpháirtíochta a bhunú agus deontas a fháil chuige sin ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi Snáithe 1 den Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide - An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide

Tá an scéim ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí pobail a bhfuil spéis acu tionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide.

Déan cinnte de go dtuigeann tú na riachtanais agus na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thíos sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

Ní ghlacfar ach le foirmeacha atá comhlánaithe go hiomlán. Ní mheasfar le haghaidh cistiúcháin aon fhoirm atá easnamhach. Aon airgead a dhámhtar ar iarratasóirí rathúla, ní chuirfear i dtaisce é ach i gCuntas Bainc an ghrúpa/na heagraíochta a rinne an iarratas. Cinntigh le do thoil go bhfuil sonraí do Chuntais Bhainc ar láimh agat má éiríonn le d'iarratas.

**Téarmaí agus Coinníollacha**

- Ní chuirfidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin aon chistiú ar fáil ach amháin do ghrúpaí/eagraíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu le tionscadail fhaofa ar leibhéal an phobail, a fheidhmíonn ar bhonn neamhbhrabúsach, agus a bhfuil mar aidhm acu pobail ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil.
- Ní mór duit a thaispeáint nach bhfuil sé d'acmhainn ag do ghrúpa/eagraíocht an obair a chur i gcrích gan cúnamh deontais a fháil, nó go gcuirfidh an deontas ar bhur gcumas breis oibre a dhéanamh nach mbeadh sé d'acmhainn agaibh é a dhéanamh gan cúnamh deontais a fháil.
- Ní mór don fhaisnéis a chuireann an grúpa/eagraíocht ar fáil lena n-iarratas a bheith cruinn agus iomlán.
- Má thugtar aon fhaisnéis mhíchruinn, d'fhéadfaí an t-iarratasóir a dhícháiliú agus/nó go mbeadh an deontas le haisíoc.
- Déanfar gach faisnéis a bhaineann leis an iarratas ar dheontas a shealbhú go leictreonach. Coimeádann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) an ceart acu féin liosta de na deontais a dhámhtar a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin.
- Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise i gcás gach taifead atá arna shealbhú ag DECC agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Ní foláir an t-iarratas a bheith sínithe ag Cathaoirleach, Rúnaí, nó Cisteoir an ghrúpa/na heagraíochta sula gcuirtear an t-iarratas isteach, nó é a bheith sínithe ag duine éigin eile atá freagrach.
- Tá sé de fhreagracht ar na grúpaí/eagraíochtaí ar fad a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta agus na beartais chearta i bhfeidhm agus go bhfuil cumhdach árachais cuí acu, más gá.
- Is ar an bhfoirm seo amháin a ghlacfar le léirithe spéise.
- Ní mór aon fhianaise a bhaineann le caiteachas, admhálacha/sonraisc a choinneáil agus a chur ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) nó a hionadaí chun tacú le híocaíocht na gcistí.
- D'fhéadfadh fianaise i bhfoirm grianghraf a bheith ag teastáil chun tarraingt anuas an deontais a éascú.
- Féadfaidh DECC nó Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cuairt a thabhairt ar shuíomh gan choinne chun a fhíorú an bhfuil téarmaí agus coinníollacha an Chláir seo á gcomhlíonadh.
- Ní mór go mbeadh bonn Thuaidh/Theas láidir ag na tionscadail ar fad atá le cistiú faoi snáithe 1a, agus ní mór do na hiarratasóirí a léiriú go gcabhróidh na tionscadail seo le spriocanna aeráide agus fuinnimh oileán na hÉireann a bhaint amach, chomh maith le spriocanna inbhuanaitheachta an chlár 'Oileán Comhroinnte', atá mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta athchóirithe 2021-30.
- Ní mór iarratas ar leithligh a dhéanamh ar chiste snáithe 1 agus ar chiste snáithe 1a. Ní mór gach cúnamh deontais a fhaightear ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide, nó ón gCiste Oileáin Chomhroinnte, a lua san ábhar foilsithe ar fad a dhéanann tagairt don deontas go poiblí.
- Ní mheasfar aon iarratas a fhaightear ó thríú páirtí nó ó idirghabhálaí.
- Má sháraítear téarmaí agus coinníollacha an chláir seo, d'fhéadfaí pionós a ghearradh amhail aisíoc an chiste a éileamh nó cosc a chur ar eagraíocht páirt a ghlacadh in iarratais ar dheontas sa todhchaí.
- D'fhonn d'iarratas a phróiseáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sonraí pearsanta a bhailiú uait. Déanfar na sonraí sin a phróiseáil de

réir ráiteas príobháideachais Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, atá ar fáil ag an nasc seo.

- Cuirfear comhaontú deontais i bhfeidhm idir iarratasóirí rathúla agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

# Snáithe 1 – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil

Tá an t-iarratas seo á phróiseáil ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Má tá aon cheist agat nó má theastaíonn aon chúnamh breise uait, déan teagmháil le Cynthia O'Mahony ag cynthiaomahony@dlrcoco.ie.

---

**Tá cúig phríomhchuid san fhoirm seo agus ní mór gach rannóg a chomhlánú go hiomlán.**

**Cuid 1:** Inis dúinn faoi do ghrúpa nó d'eagraíocht

Déan cur síos ar d’eagraíocht, lena n-áirítear an áit a bhfuil sí lonnaithe, an láthair as a bhfeidhmíonn sí, cad chuige a bunaíodh í? Cabhraigh linn a thuiscint cén cineál eagraíochta í, cén chaoi a reáchtáiltear í, cén chaoi a ndéantar cinntí san eagraíocht. Ar deireadh, abair linn cé a bheidh mar phointe teagmhála agaibh le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i dtaca leis an iarratas seo - cén duine a ndéanfaidh muid teagmháil leis maidir leis an iarratas?

**Cuid 2:** Tabhair sonraí faoin tionscadal

Sonraí do thogra. Ní foláir ach go mbeadh an tionscadal pléite agaibh leis an Oifigeach um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide (Cynthia O'Mahony, cynthiaomahony@dlrcoco.ie) roimh an iarratas a chomhlánú.

**Cuid 3:** Ceistneoir maidir leis an Státchabhair

**Cuid 4:** Údarú agus Toiliú Reachtúil

**Cuid 5:** Dearbhú an Iarratasóra

**Cuid 1 – Inis dúinn faoi do ghrúpa nó d’eagraíocht**

| | |
|---|---|
| **1. Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta:** | |
| **2. Seoladh:** | |
| **3. Éirchód:** | |
| **4. Uimhir Theagmhála:** | |
| **5. Seoladh Ríomhphoist:** | |
| **6. An Bhliain inar Bunaíodh an Grúpa/Eagraíocht:** | |
| **7. Cuspóir an Ghrúpa/na hEagraíochta:** | |
| **8. Suíomh gréasáin agus/nó suíomh/suíomhanna meán sóisialta na hEagraíochta, m.sh. Facebook, Instagram, X** | |
| **9. An limistéar geografach a bhfreastalaíonn sibh air:** | |

**10. Toghcheantar an Ghrúpa (Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra)**

a) An Charraig Dhubh

b) Dún Droma

c) Dún Laoghaire

d) Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh

e) Cill Iníon Léinín/Seanchill

f) Stigh Lorgan

**11. Déan cur síos ar shocruithe rialachais d'eagraíochta agus ceangail an doiciméadacht tacaíochta, amhail téarmaí tagartha, bunreacht, miontuairiscí CGB na heagraíochta, srl., más iomchuí**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**12. Sonraí na hEagraíochta:**

| | |
|---|---|
| **Uimhir Charthanais Chláraithe (más infheidhme)** | |
| **Cláruimhir Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (más infheidhme)** | |
| **Uimhir Thagartha Cánach (más infheidhme)** | |
| **Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (más infheidhme)** | |

**13. Pointe teagmhála d'eagraíochta i dtaca leis an iarratas seo.**

Tabhair sonraí an duine fhreagraigh i d'eagraíocht a phléifidh le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith againn faoin iarratas seo. Inis dúinn láithreach má thagann athrú ar bith ar na sonraí teagmhála seo le linn dúinn d'iarratas a phróiseáil.

| | |
|---|---|
| **Ainm an Teagmhálaí** | |
| **Seoladh an Teagmhálaí** | |
| **Seoladh R-phoist** | |

| | |
|---|---|
| **Uimhir Ghutháin** | |

**Cuid 2 – Sonraí an Tionscadail**

| | |
|---|---|
| **1. Cén t-ainm atá ar an tionscadal?** | |

**2. Cé mhéad airgid atá á iarraidh agaibh? (Cuir tic le ceann de na roghanna thíos)**

☐ Deontas Beag €20,000 nó níos lú

☐ Deontas Meánmhéide €20,000 go €50,000

☐ Deontas Mór €50,000 go €100,000

**3. Cad iad na téamaí a dtabharfaidh an tionscadal aghaidh orthu? (Cuir ciorcal timpeall ar gach téama cuí)**

a) Foirgnimh agus Fuinneamh

b) Taisteal

c) Bruscar agus dramhaíl

d) Siopadóireacht agus Athchúrsáil

e) Gníomhú Áitiúil ar son na hAeráide agus ar son an Chomhshaoil

**4. Cuspóir an deontais**

Cén leas a bhainfear as an gcistiú? Tabhair faoi deara: Níl an liosta seo uileghabhálach. Níl ann ach sampla den chineál caiteachais a d’fhéadfadh a bheith i gceist. **Cuir tic le gach mír lena mbaineann.**

☐ Painéil ghréine agus trealamh gaolmhar

☐Uasghráduithe atá tíosach ar fhuinneamh

☐ Stáisiúin phobail luchtaithe feithiclí leictreacha (EV)

☐ Racaí rothar nó bonneagar eile

☐Ábhar le haghaidh gairdíní pobail

☐Tionscadal um Pailneoirí

☐Stáisiúin líonta uisce

☐ Foirgnimh phobail a athfheistiú

☐ Soilsiú pobail LED

☐ Teicneolaíocht/trealamh ísealcharbóin

☐ Ábhar le haghaidh moil dheisiúcháin

☐saoráidí múirínithe

☐Mionfhoraois a chruthú

☐Míreanna eile (Tabhair sonraí)

Más aon mhír eile atá i gceist, tabhair sonraí faoin tionscadal thíos:

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

5. **Déan cur síos ar an tionscadal** - tabhair breac-chuntas ar a oiriúnaí atá an tionscadal do chuspóir an deontais seo a bhfuil mar aidhm aige pobail ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil. Tabhair breac-chuntas ar cé acu de na cúig théama cláir a dtabharfaidh an tionscadal aghaidh orthu agus ar an gcaoi a rachaidh sibh i ngleic leo. Moltar aghaidh a thabhairt ar an oiread agus is féidir de na téamaí sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

6. **Léirigh an áit a bhfuil an tionscadal suite agus luaigh Éirchóid nó tabhair suíomh cruinn (comhordanáidí X-Y) más cuí.** Bain úsáid as formáid ITM más féidir.

| |
|---|
| **Éirchód:** |

| | |
|---|---|
| **X ITM:** | **Y ITM:** |

7. **Indéantacht -** Cad iad na torthaí a bhainfidh an tionscadal amach? Cén chaoi a ndéanfar an tionscadal a bhainistiú chun na torthaí seo a bhaint amach agus a thomhas? Cén garspriocanna atá ag an tionscadal? Déan cur síos ar na comhpháirtíochtaí (más ann) a nglacfaidh d'eagraíocht páirt iontu mar chúnamh don tionscadal

8. **An gá atá ann le Cistiúchán Deontais a fháil** - Mínigh cén fáth nach bhféadfadh an tionscadal dul ar aghaidh gan cúnamh deontais a fháil NÓ tabhair sonraí faoin mbealach a chuirfidh an deontas ar bhur gcumas breis oibre a dhéanamh nach mbeadh sé d'acmhainn agaibh a dhéanamh gan cúnamh deontais a fháil.

9. **Tionchar** - Cén bealach a rachaidh an tionscadal chun tairbhe na haeráide agus an chomhshaoil? Cén chaoi a gcuirfidh sé le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach?

10. **Nuálaíocht/Inscálaitheacht** - An dtéann an tionscadal i ngleic le ceisteanna a bhaineann le pobail eile agus an bhféadfaí na torthaí a bhainfear amach a chur i bhfeidhm in áiteanna eile? An bhféadfaí an tionscadal a mhéadú de réir scála i bhur bpobal féin nó i bpobail eile?

11. **Luach ar Airgead** - Cén chaoi a bhfuil luach maith ar airgead agus úsáid éifeachtach acmhainní le fáil ón tionscadal? Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi go bhfreagraíonn costais an tionscadail go leordhóthanach don mhéid oibre atá á déanamh.

12. **Rialachas/Bainistiú** - Cén socruithe bainistíochta tionscadail a bheidh i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh rath ar an tionscadal? Tabhair sonraí faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist agaibh buiséad an tionscadail a bhainistiú agus faoin gcaoi a ndéanfaidh sibh cinntí tábhachtacha faoi chur i bhfeidhm an tionscadail.

| |
|---|
| |

**13.Dáta Tosaigh agus Deiridh an Tionscadail –** Ní mór gach tionscadal a chur i gcrích laistigh de 18 mí tar éis daoibh an litir thairisceana a fháil.

| | |
|---|---|
| Cathain a chuirfear tús leis an tionscadal? | |
| Cathain a chríochnóidh an tionscadal? | |

**14.Costais an tionscadail –** Tabhair na sonraí airgeadais a iarrtar thíos.

| | |
|---|---|
| Costas iomlán an tionscadail (CBL san áireamh) | **€** |
| Méid cistiúcháin atá á iarraidh (CBL san áireamh) | **€** |

Léirigh príomhchostais an tionscadail thíos

| **Mír** (Sonraigh an cineál míre caiteachais atá i gceist - cineál ábhar, trealaimh, earraí, nó costais oibriúcháin) | **Soláthraí** | **Costas in €** |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Cuir ar a laghad trí luachan san áireamh a bhaineann le ceannach ábhar don tionscadal.

*Áit nach féidir 3 luachan a chur ar fáil do tháirge/seirbhís ar leith, nó áit go mbíonn ualach rómhór ag baint leis sin i gcás míreanna tionscadail éagsúla, féadfaidh an riachtanas le 3 luachan a chur ar fáil do gach mír a tharscaoileadh agus déanfar an t-iarratas a mheas ar bhonn na luachan atá ar fáil. Ba cheart fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil a léiríonn, i gcás gur féidir, na hiarrachtaí a rinneadh chun 3 luachan a fháil. Ba chóir don iarratasóir dul i gcomhairle leis an Oifigeach um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide sula gcuireann siad an t-iarratas isteach. Ní foláir don Údarás Áitiúil a bheith sásta go bhfuil luach ar airgead le fáil ón tionscadal agus a bheith sásta go ndearna an t-iarratasóir teagmháil le soláthraithe éagsúla agus é nó í i mbun an togra a fhorbairt.

**15. An mbeidh réamh-chistiú ag teastáil ón tionscadal?** Féadfar réamh-chistiú (suas le 25% de chostais an tionscadail) a chur ar fáil i gcúinsí an-teoranta agus ar bhonn cás ar chás. Ní mheasfar réamh-chistiú ach amháin i gcás go bhfuil riachtanas soiléir ann dó agus go bhfuil an riachtanas sin fianaithe ag an Údarás Áitiúil.

☐ Beidh

☐ Ní bheidh

Mínigh an fáth go bhfuil réamh-chistiú ag teastáil ón tionscadal.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Cuid 3 – Ceistneoir maidir leis an Státchabhair**

Tá an Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide cistithe ag acmhainní Stáit agus, mar sin, ní foláir na trí cheist seo a leanas a fhreagairt d’fhonn cabhrú linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil tionscadal d’eagraíochta cáilithe le haghaidh cúnaimh stáit nó nach bhfuil.

1. An bhfuil buntáiste le fáil ón deontas ag gnóthais áirithe thar ghnóthais eile?

   ☐ Tá

   ☐ Níl

<u>Tabhair faoi deara:</u>

D’fhéadfadh “buntáiste” a bheith i gceist i go leor cásanna éagsúla: ní hamháin deontas, iasacht nó faoiseamh cánach, ach i gcás sócmhainn stáit a úsáid saor in aisce nó ag praghas níos ísle ná praghas an mhargaidh. Go bunúsach, más rud é nach bhféadfadh gnóthas a fháil i ngnáthchúrsa gnó.

Cuimsítear le coincheap an “ghnóthais” gach eagraíocht a théann i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch. - Baineann seo le gníomhaíocht seachas le foirm dhlíthiúil na heagraíochta; mar sin, d’fhéadfadh eagraíocht neamhbhrabúis, carthanais agus comhlachtaí poiblí ar fad a bheith ina ngnóthais, ag brath ar na gníomhaíochtaí atá ar bun acu. - Cuimsítear leis an coincheap “gnóthais” oibritheoirí agus ‘meáncheannaithe’ freisin, más amhlaidh go mbaineann siad leas as an gcistiú.

Is ionann "gníomhaíocht eacnamaíoch" agus earraí nó seirbhísí a chur ar an margadh. Ní gá go mbeadh brabús i gceist i gcás bheith i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch: má sholáthraíonn eintitis eile na hearraí nó seirbhísí céanna ar an margadh, is ionann sin agus gníomhaíocht eacnamaíoch.

Ní hionann Státchabhair agus tacaíocht a thabhairt d’eagraíocht atá i mbun gníomhaíocht neamheacnamaíoch, m.sh., tacaíocht a thugtar do dhaoine aonair tríd an gcóras slándála sóisialta.

2. An bhfuil an cistiú seo ina chúis le saobhadh nó ag bagairt a bheith ina chúis le saobhadh?

   ☐ Tá

   ☐ Níl

<u>Tabhair faoi deara:</u>

Má neartaíonn an cúnamh faighteoir an chistiúcháin i gcomparáid lena iomaitheoirí, is dóigh go bhfuil saobhadh i gceist. Ní gá go mbeadh “an bhagairt a bheith ina chúis le saobhadh” substaintiúil ná suntasach. B’fhéidir nach mbeadh i gceist ach suimeanna measartha beaga cúnaimh airgeadais a thabhairt do ghnólachtaí nach bhfuil ach sciar measartha den mhargadh acu.

3. An bhfuil sé de chumas ag an gcistiú seo tionchar a imirt ar Thrádáil idir Ballstáit an AE?

   ☐ Tá

   ☐ Níl

<u>Tabhair faoi deara:</u>

Is féidir léirmhíniú leathan a thabhairt dó seo: is leor go bhféadfaí earra nó seirbhís a thrádáil idir Ballstáit, fiú sa chás nach ndéanann faighteoir an chistiúcháin earra nó seirbhís ar bith a easpórtáil chuig Margaí AE eile.

Más "tá" an freagra a thug tú ar **na trí cheist** thuas, is ionann sin agus a rá gur státchabhair a bheadh i gceist le bronnadh an chistiúcháin seo faoin gClár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Sa chás sin, comhlánaigh Dearbhú Státchabhrach De Minimus agus cuir in éineacht le d'iarratas é.

Más "níl" an freagra a thug tú ar aon cheann de na ceisteanna thuas, bog ar aghaidh go cuid 4, le do thoil.

**Cuid 4 - Údarú agus Toiliú Reachtúil**

Sa chás go mbeidh tionscadal á reáchtáil ag suíomh, i bhfoirgneamh nó ó spás urláir nach bhfuil ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil, ní mór don áitreabh sin a bheith ar úinéireacht eagraíocht chomhpháirtí de chuid an Údaráis Áitiúil nó ní mór go mbeadh léas cúig bliana ar a laghad ar an áitreabh ag ceachtar den dá pháirtí sin ó dháta críochnaithe an tionscadail,. I gcás nach mbeidh sé seo indéanta, ní mór comhaontú i scríbhinn a bheith ann le húinéir an tsuímh le rochtain ar an suíomh a chur ar fáil don phobal ar feadh tréimhse cúig bliana.

An bhfuil gach cead agus toiliú pleanála agus rialála faighte agaibh agus an bhfuil na húdaruithe uile is gá agus/nó gach ceart riachtanach dul isteach sa talamh, sna foirgnimh agus sna maoin go léir faighte agaibh chun obair an tionscadail a chomhlíonadh?

☐ Tá

☐ Níl

**Cuid 5 – Dearbhú**

- Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil san fhoirm seo cruinn.
- Deimhním gur léigh mé Téarmaí agus Coinníollacha an Chláir ar leathanach 2 den fhoirm seo agus go dtuigim go hiomlán iad.
- Deimhním gur léigh agus gur thuig mé na treoirlínte a bhaineann leis an iarratas seo sular chomhlánaigh mé an fhoirm seo.
- Deimhním go nglacaim le Téarmaí agus Coinníollacha an iarratas ar dheontas seo agus go síním an t-iarratas i gcomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha.
- Deimhním nach bhfuil sé d'acmhainn ag an ngrúpa/eagraíocht iarratasóra an obair a chur i gcrích gan cúnamh deontais a fháil, nó de rogha air sin go gcuirfidh an deontas ar chumas an ghrúpa/na heagraíochta breis oibre a dhéanamh nach mbeadh sé d'acmhainn aige/aici a dhéanamh gan cúnamh deontais a fháil.
- Deimhním go bhfuil an grúpa/eagraíocht iarratasóra comhlíontach ó thaobh cánach de (más infheidhme).
- Deimhním go gcoinneofar sonraisc / admhálacha íoctha lena n-iniúchadh ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Admhaím go gcuirfear ar ceal aon deontas a ceadaíodh faoin scéim seo mar thoradh ar aon ráiteas bréagach nó míthreorach nó aon fhaisnéis riachtanach a choinneáil siar ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (arna chinneadh ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin) agus go bhféadfadh sé a bheith ina chúis leis an deontas a aisghabháil ina dhiaidh sin.

| | |
|---|---|
| Ainm i mbloclitreacha (thar ceann an ghrúpa/na heagraíochta): | |

| | |
|---|---|
| Síniú: | |
| Post sa ghrúpa/san eagraíocht (bloclitreacha): | |
| Dáta: | |